**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2021/2055(INI)**

5.11.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

ar an ngéarleanúint a dhéantar ar mhionlaigh ar fhorais chreidimh nó reiligiúin (2021/2055(INI))

Rapóirtéir don tuairim: György Hölvényi

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, an coiste freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhféadfar eaglaisí a thuiscint mar fhorais agus eagraíochtaí creideamhbhunaithe (FBO) ina bhfuil eagraíochtaí, pobail agus cumainn reiligiúnacha d'aon chineál agus den uile chineál; de bhrí go mbíonn idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta ag AE leis na heaglaisí agus na heagraíochtaí uile, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

B. de bhrí go mbíonn breis idirdhealaithe agus foréigin ina riosca ar leith do mhná a chreideann agus do dhaoine a bhaineann le mionlaigh reiligiúnacha agus go mbíonn an t-idirdhealú agus an foréigean sin nasctha le tosca amhail inscne, sainaicme, cúlra eitneach, éagothroime cumhachta agus patrarcacht;

C. de bhrí gur minic ionadaíocht náisiúnta leordhóthanach in easnamh ar mhionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh sna tíortha i mbéal forbartha, agus go ndéanann an reachtaíocht riachtanais agus leasa na mionlach sin a eisiamh, agus raon beart fordhlíthiúil á bhfeidhmiú ag rialtáis áitiúla trína ndéantar géarleanúint ar na mionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh nó trína ndéantar iad a mhídhlisteanú nó a stiogmatú;

D. de bhrí go bhfuil sé ag éirí níos coitianta leas a bhaint as ardáin meán sóisialta mar spáis chun fuath agus foréigean a ghríosú; de bhrí go mbíonn ar mhionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh cur suas le fuathchaint ar líne agus as líne ó dhaoine aonair ar fud an speictrim pholaitiúil;

1. á aithint go bhfuil ról suntasach ag eaglaisí[1], eagraíochtaí creideamhbhunaithe agus forais eile chreidimh agus reiligiúin agus ag cumainn reiligiúnacha i bhfabraic shóisialta na dtíortha i mbéal forbartha;

2. á mheabhrú gur saoirsí bunúsacha iad saoirse creidimh agus reiligiúin atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine NA; á aithint a thábhachtaí atá saoirse creidimh agus reiligiúin maidir le sochaí chuimsitheach agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) NA a bhaint amach go huile;

3. á chur i bhfios go láidir gur comhpháirtithe tábhachtacha iad eagraíochtaí áirithe na sochaí sibhialta, amhail eagraíochtaí creideamhbhunaithe, cumainn reiligiúnacha, eagraíochtaí daonnúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENR) cun cúnamh daonnúil agus forbartha a sholáthar do phobail ar deacair teacht orthu de bhrí go mbíonn siad ar an túslíne, go n-oibríonn siad i ndlúthchomhar leis na daoine ar an talamh agus gurb iad is fearr a thuigeann a riachtanaise, agus go mbíonn siad i ndea-áit dá réir sin chun fóirithint a sholáthar agus rannchuidiú suntasach a dhéanamh leis an bhforbairt

[1] Faoi Chonradh Liospóin, tá bunús dlí ag an idirphlé idir na hinstitiúidí Eorpacha agus na heaglaisí, cumainn nó pobail reiligiúnacha agus le heagraíochtaí fealsúnacha agus neamhfhaoistiniúla in Airteagal 17 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

inbhuanaithe agus chun na SFI a bhaint amach, go háirithe SFI 3 (dea-shláinte agus dea-bhail) agus 4 (oideachas ardcháilíochta);

4. á thabhairt dá haire thairis sin go mbíonn eaglaisí, institiúidí creidimh agus reiligiúin, eagraíochtaí áirithe na sochaí sibhialta agus FBOnna ag soláthar in earnálacha sóisialta ina mbíonn easnaimh sna seirbhísí stáit; á mheabhrú, i ndáil leis seo, a riachtanaí atá sé gníomhaíochtaí ábhartha a mbeidh cúnamh forbartha oifigiúil leordhóthanach agus buiséid náisiúnta acu a chur ar fáil d’eagraíochtaí creideamhbhunaithe agus cumainn reiligiúnacha agus eagraíochtaí na sochaí sóisialta chun tacu leo agus na seirbhísí sin á soláthar acu, i gcomhréir leis na critéir maidir le cúnamh forbartha oifigiúil;

5. á mheabhrú go rannchuidítear go mór leis an gcobhsaíocht shóisialta agus pholaitiúil, le bochtanas a laghdú, leis an rialachas daonlathach agus le coinbhleacht a chosc nuair a dhéantar an t-idirdhealú in aghaidh na mionlach uile a chomhrac gan beann ar a dtraidisiúin, a gcreideamh nó a reiligiún;

6. á chur i bhfáth gur cheart saoirse reiligiúin nó creidimh a thuiscint mar cheart bunúsach agus gur cheart í a admháil mar phríomh-chomhchuid de shochaithe síochánta agus athléimneacha; ag diúltú don treocht faoina bhfeictear go bhfuil saoirse reiligiúin nó creidimh naimhdeach le cearta ban, cearta LGBTIQ nó saoirse tuairimí a nochtadh;

7. ag tabhairt dá haire maidir le heaglaisí agus forais eile chreidimh agus reiligiúin, FBOnna agus cumainn reiligiúnacha go bhféadfaidh siad ról tábhachtach a imirt maidir le hidirghabháil na síochána agus rannchuidiú le comhtháthú agus cobhsaíocht shóisialta;

8. ag tathant ar AE a aithint maidir le ceananirí reiligiúnacha, FBOnna agus ENR, nach amháin gur comhpháirtithe fiúntacha iad maidir le cur chun feidme tionscadal daonnúil, forbartha agus síochána, ach go bhféadfaidh ról a bheith acu i ndearadh tionscnamh den sórt sin freisin, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a luacháil a bhuí lena saineolas bunaithe ar a ndomhain-leabaitheacht i bpobail áitiúla áirithe, an cur amach atá acu ar íogaireachtaí agus riachtanais áitiúla, an teagmháil dhíreach a bhíonn acu le daoinei mbéal bochtanais agus eisiaimh, agus an stair fhada atá acu maidir le cúnamh daonnúil a chur ar fáil;

9. á admháil go bhfuil FBOnna agus ENR áirithe ar na chéad eagraíochtaí ar an túslíne, go bhfuil na blianta taithí acu agus go gcuireann siad seirbhísí sósisialta bunriachtanacha ar fáil agus go bhfanann siad ar an túslíne tar éis do go leor de na gníomhaithe eile imeacht;

10. á chur i bhfáth maidir le heagraíochtaí reiligiúnacha agus creideamhbhunaithe, agus CSOnna a oibríonn sa réimse coisc coinbhleachtaí gur minic iad i láthair ag gach céim de thimthriall na coinbhleachta agus an chlaochlaithe le linn dóibh a bheith ag obair le hoideachas síochána agus cosc coinbhleachta, idirghabháil agus réiteach coinbhleachtaí, idirphlé idir-reiligiúnach, sg tógáil líonraí ceannairí áitiúla ar son na síochána, agus obair atógála sóisialta iar-réitigh agus obair thráma, agus go mbíonn siad i láthair sna hacadaimh agus sna cúirteanna ina dtugtar doimhneacht theoiriciúil agus forasú traschultúrtha do chearta an duine, lena n-áirítear saoirse reiligiúin;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar Thoscaireachtaí AE a bheith ag plé le heaglaisí

áitiúla, le forais chreidimh agus reiligiúin agus FBOnna maidir le tionscadail dhaonnúla agus gníomhartha forbartha a phleanáil, agus á iarraidh ar an gCoimisiún na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear eaglaisí, forais chreidimh agus reiligiúin agus FBOnna a dhéanamh rannpháirteach i gcur chun feidhme tionscadal AE; á iarraidh ar an gCoimisiun treoraíocht speisialta a ghlacadh maidir le comhpháirtíocht agus comhar le heaglaisí, forais chreidimh agus reiligiúin, agus FBOnna maidir le comhar forbartha agus cúnamh daonnúil;

12. á mheas nach bhféadfadh saoirse reiligiúin agus creidimh a bheith ann gan dearbhú saoirse pearsanta agus daonna, lena n-áirítear an ceart chun sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus ceart féinchinntiúcháin, gan beann ar bhunadh nó claonadh gnéis;

13. ag tabhairt dá haire go mbíonn daoine óga sna tíortha i mbéal forbartha thar a bheith leochaileach maidir le hideolaíochtaí foircneacha, agus go bhfuil oideachas ardcháilíochta ar cheann de na slite chun an radacú a chomhrac; ag tabhairt dá haire gur minic a thagann gluaiseachtaí foircneacha i dtír ar easpa láithreachta an stáit i limistéir tuaithe;

14. á mheabhrú go luíonn freagracht ar cheannairí reiligiúnacha as cosc a chur le fuath agus foréigean a dhírítear ar mhionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh, agus go bhfuil ról acu ina leith; á iarraidh ar na heaglaisí uile, ar fhorais chreidimh agus reiligiúin, FBOnna agus ceannairí reiligiúnacha idirphlé caoinfhulangach agus neamh-idirdhealaitheach a chur chun cinn, i leith grúpaí leochaileacha sa phobal go háirithe;

15. ag séanadh an uile chineál foréigin agus comhéigin in aghaidh ban, cailíní agus daoine LGBTIQ a mhaítear bonn cirt a bheith leis ag éirí as cleachtais reiligiúnacha nó chreidimh, lena n-áirítear tuairimí naimhdis arna nochtadh ag ceannairí reiligiúnacha, á iarraidh maidir le dlíthe idirdhealaitheacha a achtaíodh i dtaca le tuairimí reiligiúnacha faoina gcoiriúlaítear adhaltranas, faoina gcoiriúlaítear daoine bunaithe ar a ngnéaschlaonadh nó a bhféiniúlacht inscne, bíodh sin iarbhír nó braite, faoina gcoiriúlaítear ginmhilleadh i ngach cás, nó faoina n-éascaítear cleachtais reiligiúnacha a sháraíonn cearta an duine, go ndéanfar na dlíthe sin a aisghairm;

16. ag cáineadh gníomhaíochtaí ó chultais reiligiúnacha a dhírítear ar an diaspóra ó thíortha i mbéal forbartha ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann leas as scéimeanna chun tairbhiú ar bhonn airgeadais de leochaileachtaí pobal imirceach san Eoraip agus a dhéanann dearcadh claonta ar an saol a chur chun cinn, dearcadh a mbíonn meascán den homafóibe, trasfhóibe agus fuath ban ann go minic;

17. á chur i bhfáth a riachtanaí atá sé d’eaglaisí, forais chreidimh agus reiligiúin agus pobail reiligiúnacha cearta bunúsacha an duine a urramú agus seasamh leo agus iad a chur chun cinn maidir leis an uile dhuine gan beann ar a gcreideamh ná ar a reiligiún, gan idirdealú d’aon chineál, bíodh sin ar bhonn cine, dath an chraicinn, gnéis, teanga, tuairimí polaitiúila nó eile, bunadh náisiúnta nó sóisialta, maoine, stádas breithe nó eile, agus gan beann ar inscne nó gnéaschlaonadh; ag cur i gcoinne an uile iarracht na cearta sin a chur i mbaol nó a shéanadh, go háirithe i dtaca leis an riocht ina mbíonn mionaoisigh, mná, daoine scothaosta, na grúpaí is leochailí agus is imeallaithe, agus mionlaigh eile eitneacha, shóisialta agus reiligiúnacha;

18. ag aithint go gcumhdaíonn FBOnna tuairim is 40 % den chúram sláinte agus cuid

shuntasach den oideachas san Afraic fho-Shahárach amháin, cé nach dtugtar aitheantas don ról atá acu den chuid is mó; á chur i bhfios go láidir go rannchuidíonn eaglaisí, forais chreidimh agus reiligiúin agus FBOnna leis an bhforbairt dhaonna;

19. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart cúram sláinte agus oideachas a chuireann FBOnna, ENR agus gníomhaithe den tsochaí shibialta áitiúil ar fáil a bheith inrochtana ag an uile dhuine a bhfuil cúram nó oideachas de dhíth air gan beann ar a chreideamh nó a chúlra reiligiúnach; ag cáineadh, i gcomhthéacs SFI, sriantachtaí ó fhorais reiligiúnacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe, go háirithe i gcás ina bhfuil gá leis de dheasca riochtanna liachta;

20. á chur i bhfios go láidir go n-imríonn FBOnna áirithe ról tábhachtach ó thaobh straitéise de agus iad ag dul i bhfeidhm ar chomhaltaí dá bpobail chun teacht ar sheasamh tuisceana agus abhcóideachta maidir le saincheisteanna ríthábhachtacha amhail HIV, cúram sláinte gnéasach agus atáirgthe, agus cumhachtú cailíní agus ban;

21. á chur i bhfáth maidir le géarleanúint ar mhionlaigh ar fhorais reiligiúin nó creidimh gur minic í idirnasctha le cineálacha eile idirdhealaithe, go háirithe i dtaca le heitneachas, inscne, gnéaschlaonadh agus sainaicme; á iarraidh ar AE a áirithiú maidir le haon idirdhealú bunaithe ar reiligiún nó creideamh a thrasnaíonn spreagthaí eile eisiaimh, imeallaithe agus bochtanais, go ndéantar é a mhapáil agus go dtugtar aghaidh air go huileghabhálach;

22. ag tabhairt dá haire gur minic gurb iad na heaglaisí agus forais eile chreidimh agus reiligiúin agus FBOnna, amháin a sholáthraíonn cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta eile i limistéir iargúlta de thíortha áirithe i mbéal forbartha agus i suíomhanna a mbíonn coinbhleacht iontu go minic;

23. á chur in iúl gur geal léi gníomhaíochtaí na n-eaglaisí agus na gceannairí reiligiúnacha, an dtionscnamh idirchreidmheach agus an gceannairí reiligiúnacha i réimse an bhainistithe agus na hidirghabhála coinbhleachta, agus i gcothú athmhuintearais, idirphlé agus síochána; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé mionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh a bheith san áireamh mar chuid den bhrú seachtrach ón Aontas ar son síochána, daonlathais agus forbairt inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais go mbíonn géarghá go minic le hidirphlé idir-reiligiúnach agus idirchreidimh, go háirithe i limistéir choinbhleachta, chun an tsíocháin agus an t-athmhuintearas, agus sochaí ionchuimsitheach ar an uile leibhéal a chothú;

24. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tionscnaimh ón tscochaí shibhialta maidir le dul i ngleic le géarleanúint ar mhionlaigh ar bhonn creidimh agus reiligiúin, agus maidir le cur chuige iomlánaíoch a chur chun cinn a chuimsíonn cearta an duine, réiteach coinbhleachta, forbairt dhaonna agus tionscnaimh idirchreidimh agus idir-reiligiúnacha;

25. á chur in iúl gur saoth léi an ghéarleanúint bhreise, lena n-áirítear tonnta nach bhfacthas a leithéid cheana de ghríosú chun fuatha agus maruithe atá roimh eagraíochtaí neamhreiligiúnacha, dí-eaglaisithe agus daonnacha, i roinnt tíortha ar fud an domhain; ag séanadh go mbeadh líon gan áireamh de dhaoine aonair agus CSOnna faoi ionsaí as creidimh reiligiúnacha a cheistiú go síochánta, a cháineadh nó a aoradh; á chur i bhfáth go dtéann an sárú leanúnach sin ar a saoirse machnaimh agus tuairimí a nochtadh thar theorainneacha geografacha agus cultúir, lena n-áirítear laistigh de Bhallstáit AE;

26. á iarraidh ar AE agus ar a chomhpháirtithe a mheas an bhféadfaí ról an reiligiúin a mhapáil i gcoinbhleachtaí sonracha, agus gníomhaíochta dearfacha reatha ó cheannairí reiligiúnacha maidir le gníomhartha chun síocháin a thógáil agus coinbhleacht a anailísiú agus a chosc agus an plé a bhíonn acu leo, agus éisteacht le glórtha éagsúla a bheadh ionadaíoch ar ghrúpaí reiligiúnacha mhóraimh agus mhionlaigh araon agus iad a mheasúnú;

27. á chur in iúl gur saoth léi an rolladh siar leanúnach agus cúlchémniú i gcás sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe ban agus cailíní agus na cearta a bhaineann leo, go háirithe ina gcás siúd atá imeallaithe ar bhonn piseog (e.g. asarlaíocht), agus an cúlchéimniú i gcás cearta daoine LGBTIQ laistigh den AE agus in áiteanna eile, faoi ghné prionsabail nó teagasc reiligiúnach go háirithe; ag tabhairt dá haire go gcuireann tosca trasnacha lena n-áirítear reiligiún agus a bheith bainteach le grúpaí mionlaigh, leis an riosca idirdhealaithe faoin treocht aischéimnitheach sin;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle tús áite a thabhairt don chomhrac in aghaidh na géarleanúna ar mhionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh i gclársceidealú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le cabhair um fhorbairt ón Aontas, i gcomhréir leis na réimsí comhair le haghaidh na gclár geografach agus téamach atá ag NDICI-An Eoraip Dhomhanda, agus chun tús áite a thabhairt don tsaoirse chreidimh agus reiligiúin agus an tsaoirse sin a chosaint;

29. ag tabhairt dá haire maidir leis an ngéarleanúint a dhéantar ar mhionlaigh bunaithe ar chreideamh nó reiligiúin nach iad beathaí daonna, cearta an duine agus an fhorbairt dhaonna amhan a chuirtear i mbaol ach go gcuirtear an oidhreacht chultúrtha i mbaol freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún cosaint na hoidhreachta cultúrtha a lánpháirtiú i ngnéithe ábhartha uile bhosca uirlisí AE, sa chomhar forbartha go háirithe, agus á iarraidh go dtabharfar tacaíocht airgeadais iomchuí do chosaint na hoidhreachta cultúrtha sa chlársceidealú atá ag NDICI-An Eoraip Dhomhanda;

30. á aithint gur cuid de na traidisiúin chreidimh iad na pobail LGBTIQ; á aithint go bhfuil ceart ag daoine LGBTIQ, amhail ag an uile dhuine daonna eile, ar shaoirse tuairimí a nochtadh, agus ar shaoirse cainte, creidimh agus reiligiúin; á athdhearbhú a thábhachtaí atá an ról a d’fhéadfadh údaráis reiligiúnacha a imirt chun a áirithiú nach mbaintear leas as reiligiún agus traidisiún chun daoine a idirdhealú, a choiriúlú nó a eisiamh bunaithe ar a ngnéaschlaonadh agus a bhféiniúlacht inscne;

31. á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfeadh AE san áireamh na dúshláin nithiúla a bhíonn roimh mhionlaigh reiligiúnacha, eitneacha agus theanga go minic agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar chúnamh daonnúil de bharr imeallaithe, spriocdhíriú gníomhach ar an túslíne nó laigí socheacnamaíocha; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar rochtain éifeachtach na mionlach ar chúnamh daonnúil agus a áirithiú nach ndéantar neamhaird ar mhionlaigh ina bheartas daonnúil;

32. á chur i bhfios maidir le mionlaigh, ag éirí as foréigean á dhéanamh orthu le linn coinbhleachtaí, go bhféadfaidís a bheith i mbaol ó ionsaithe breise i socruithe dídeanaithe de bharr míthuiscintí ar phrionsabail dhaonnúla na neodrachta agus na huilíochta agus de barr toimhdí forleathana faoin reiligiún a bheith neamhriachtanach nó dealaitheach;

33. á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh soláthar an chúnaimh dhaonnúil a bheith saor ó aon chineál idirdhealaithe, agus ag cáineadh go láidir aon idirdhealú bunaithe ar chleamhnacht reiligiúnach agus cúnamh daonnúil a dháileadh;

34. á iarraidh ar an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit sásraí cosanta dlíthiúla agus institiúideacha a neartú chun cearta an duine a áirithiú i gcás chomhaltaí mionlach reiligiúnach agus creidimh agus i gcás aon duine i staid leochaileach, lena n-áirítear mná agus cailíní, daoine d'eitneachtaí nó sainacimí éagsúla, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, imircigh, dídeanaithe agus daoine easáitithe go hinmheánach, agus daoine LGBTIQ, chun go mbeidh lánchosaint acu ar bhonn a gceart bunúsach agus nach ndéanfar idirdhealú orthu mar gheall ar a gcreideamh nó a reiligiún;

35. ag cáineadh reiligiún a bheith in úsáid, agus tuiscint uirliseach á baint as, le haimhleas chearta an duine faoi chórais dlí áirithe agus tríd an ngéarleanúint agus coiriúlú institiúideach a dhéantar ar mhionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh;

36. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart gníomhaithe daonnúla a oiliúnt maidir leis na híogaireachtaí ar leith atá ag grúpaí mionlaigh agus creidimh i socruithe easáitithe chun cabhair agus cosaint níos ionchuimsithí a chur ar fáil le haghaidh raon pobal ar dídeanaithe iad;

37. á chur i bhfáth gur den riachtanas é idirdhealú in aghaidh mionlach reiligiúnach agus creidimh a dhíothú i réimse na fostaíochta, an oideachais, rochtain ar cheartas agus leigheasanna éifeachtacha, tithíochta agus cúraim sláinte lena n-áirítear sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe i gcomhréir leis na SFI; á chur i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé oibriú le hinstitiúidí agus eagraíochtaí chearta an duine chun faireachas a dhéanamh ar chomlíontacht, gearáin a scrúdú agus dlíthe agus beartais a dhéanann idirdhealú nó géarleanúint ar mhionlaigh ar bhonn creidimh nó reiligiúin a chur i gcodarsnacht;

38. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) cosaint an chreidimh agus an reiligiúin a phríomhshruthú i ngníomhartha seachtracha AE, mar aon le ceart a bheith ag duine a reiligiún nó a chreideamh a athrú nó a thréigean gan comhéigean, i dtíortha i mbéal forbartha go háirithe;

39. á iarraidh ar an gComhairle, ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit a bheith ag obair le tíortha neamh-AE i dtreo bearta a ghlacadh chun eachtraí fuathchoireachta a chosc agus a chomhrac, i lánchomhlíonadh an gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le saoirse tuairimí a nochtadh agus saoirse creidimh agus reiligiúin;

40. á iarraidh ar AE sásraí cuntasachta, freagartha agus smachtbhannaí leordhóthanacha a fhorbairt chun comhrac éifeachtach a dhéanamh ar sháruithe ar an tsaoirse reiligiúin nó creidimh, lena n-áirítear idirdhealú nó srianta dlíthiúla atá bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh ina thíortha comhpháirtíochta, mar aon le haon chineál baic ar shaoirse reiligiúin nó creidimh, ar an tsaoirse comhlachais agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. á iarraidh ar an gCoimisiún thairis sin sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a chomhrac dá bhforáiltear faoi chóras domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine;

41. á mheabhrú go bhfuil deighilt pholaitiúil agus dhlíthiúil idir reiligiún agus cúrsaí stáit ina réamhriachtanas maidir le lántairbhiú chearta an duine, an daonlathais agus an

smacht reachta; á iarraidh ar AE a áirithiú go mbeidh a chláir forbartha agus a thacaíocht bhuiséadach le haghaidh údaráis náisiúnta agus áitiúla i dtíortha neamh-AE comhsheasmhach le prionsabail an dí-eaglaiseachais, lena n-áirítear i réimse an oideachais, agus staonadh ar fad ó reachtaíocht rialtais agus beartais a athneartú ar reachtaíocht agus beartais iad a léiríonn fabhar le creideamh nó reiligiún seachas a chéile;

42. á aithint gur threisigh paindéim COVID-19 ar an ngéarleanúint ar mhionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh agus ar an bhforéigean ina n-aghaidh i roinnt tíortha i mbéal forbartha agus go ndearnadh an-íogair iad ar ionfhabhtú agus básmhaireacht COVID-19 de dheasca rochtain neamhchomhionann ar chúram leordhóthanach liachta;

43. ag séanadh úsáid a bheith á baint as bearta a chuireann srian ar an tsaoirse chun idirdhealú a dhéanamh ar mhionlaigh reiligiúnacha agus chreidimh mar chuid de na bearta chun an phaindéim a chosc; á iarraidh ar thíortha comhpháirtíochta ar tíortha i mbéal forbartha iad córais cosanta sóisialta a fhorbairt nach ndéanann idirdhealú ar mhionlaigh ar bonn reiligiúin ná creidimh nó ar aon bhonn eile i dtaca le rochtain chomhionann ar chúram sláinte, bia, cúnamh daonnúil nó oideachas; á iarraidh ar AE é féin a threalmhú níos fearr le hionstraimí a chuirfidh ar a chumas díriú níos éifeachtaí ar na daonraí is leochailí, lena n-áirítear mionlaigh reiliigúnacha agus chreidimh;

44. á admháil go bhfuil ról ar leith á imirt ag ceannairí reiligiúnacha, FBOnna agus pobail chreidimh maidir le hoideachas, ullmhacht agus freagairt i gcás COVID-19; ag tabhairt dá haire go mbíonn ceannairí reiligiúnacha lánpháirtithe ina bpobail trí líonraí seirbhíse agus comhbhá agus gur minic iad in ann rochtain a fháil orthu siúd is leochailí agus faisnéis cúnaimh agus sláinte a chur ar fáil dóibh agus iad sin is mó atá i ngatar a shainaithint; ag tabhairt dá haire gur nasc criticiúil iad na ceannairí reiligiúnacha le haghaidh daoine leochaileacha laistigh dá bpobail chreidimh agus sna pobail i gcoitinne;

45. á chur i bhfios gur gníomhaithe neamhstáit faoi deara na príomhfhoinsí idirdhealaithe in aghaidh na mionlach i dtíortha áirithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gan díriú go huile ar idirdhealú ó rialtais agus a bheith ag obair le tíortha comhpháirtíochta chun dul i ngleic le cúiseanna an idirdhealaithe shóisialta in aghaidh mionlach, go háirithe i gcomhthéacs na fuathchainte;

46. á iarraidh ar an gCoimisiún saincheist na saoirse reiligiúin a nascadh le comhaontuithe trádála a dhéantar idir AE agus a chomhpháirtithe seachtracha;

47. ag cáineadh na sáruithe ar chearta an duine, na drochíde gnéasaí, an tseicteachais agus mí-iompair airgeadais arna ndéanamh ag misin reiligiúnacha agus ceannairí i roinnt tíortha i mbéal forbartha.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 27.10.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 13<br>–: 4<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Gianna Gancia, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Jan-Christoph Oetjen, Michèle Rivasi, Christian Sagartz, Marc Tarabella, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Stéphane Bijoux, Caroline Roose, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 13 | + |
|---|---|
| ID | Gianna Gancia |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Janina Ochojska, Tomas Tobé |
| Renew | Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud, Jan-Christoph Oetjen, Chrysoula Zacharopoulou |
| S&D | Mónica Silvana González, Pierfrancesco Majorino, Marc Tarabella, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |

| 4 | - |
|---|---|
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Erik Marquardt, Michèle Rivasi, Caroline Roose |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki, Beata Kempa |
| ID | Dominique Bilde, Bernhard Zimniok |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Hildegard Bentele, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Christian Sagartz |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh